Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15910/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0124(COD)**

**CODEC 1915**
**MI 952**
**ENT 261**
**ENV 1276**
**CHIMIE 140**
**IND 542**
**CONSOM 270**
**SAN 773**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 28 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 12 Iúil 2023[2].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 27 Feabhra 2024[3].

---

1 8904/23 + ADD 1 go 7.
2 12179/23.
3 10507/24.

4. An 25 Meitheamh 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Rialachán thuasluaite[4], tar éis plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

5. An 15 Iúil 2025, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) an comhaontú sealadach agus sheol Cathaoirleach an Choiste sin litir ina dhiaidh sin chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe inar sonraíodh gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch) a fhormheas gan aon leasú a dhéanamh air[5].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle an seasamh ar an gcéad léamh uaithi mar a leagtar amach in 12331/25, agus an ráiteas ar chúiseanna mar a leagtar amach in 12331/25 ADD 1 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Iodáil ag staonadh ón vótáil.

---

[4] 10440/25.
[5] 13878/25.